Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14084/20**

**FIN 966**
**COMPET 637**
**IND 272**
**MI 573**
**RECH 525**
**DIGIT 154**
**TELECOM 266**
**EDUC 446**
**EMPL 568**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13568/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Digitising European Industry: an ambitious initiative whose success depends on the continued commitment of the EU, governments and businesses [Tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú: tionscnamh uaillmhianach a bhfuil a rath ag brath ar thiomantas leanúnach an Aontais, na rialtas agus na ngnólachtaí]<br>Conclúidí ón gComhairle (an 15 Nollaig 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Digitising European Industry: an ambitious initiative whose success depends on the continued commitment of the EU, governments and businesses* [Tionsclaíocht na hEorpa a Dhigitiú: tionscnamh uaillmhianach a bhfuil a rath ag brath ar thiomantas leanúnach an Aontais, na rialtas agus na ngnólachtaí] a glacadh trí nós imeachta i scríbhinn an 15 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

***Digitising European Industry: an ambitious initiative whose success depends on the continued commitment of the EU, governments and businesses* [Tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú: tionscnamh uaillmhianach a bhfuil a rath ag brath ar thiomantas leanúnach an Aontais, na rialtas agus na ngnólachtaí]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Digitising European Industry: an ambitious initiative whose success depends on the continued commitment of the EU, governments and businesses* [Tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú: tionscnamh uaillmhianach a bhfuil a rath ag brath ar thiomantas leanúnach an Aontais, na rialtas agus na ngnólachtaí agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha na Cúirte ;

2. ADMHAÍONN SÍ go gcuireann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun suntais a thábhachtaí atá digiteáil rathúil gheilleagar na hEorpa agus an ról tacaíochta atá ag líonra comhordaithe de Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha maidir le cabhrú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, chun deiseanna digiteacha a thapú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le cumhdach leathan maidir le réigiúin agus Ballstáit uile na hEorpa le líonra de Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha; AITHNÍONN SÍ ról na n-eintiteas náisiúnta agus réigiúnach agus idirghabhálaithe FBManna sna Ballstáit chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ábhartha atá an digiteáil chun an táirgiúlacht a mhéadú, chun an t-iomaíochas a neartú agus chun ardleibhéal athléimneachta a bhaint amach in éiceachórais thionsclaíocha agus i gcuideachtaí tionsclaíocha na hEorpa, go háirithe FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá infheistíochtaí móra i dtionscadail an digiteála agus na nascachta agus i ndáil le cláir mhaoiniúcháin agus infheistíochta Eorpacha a ghiaráil, agus go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun na críche sin;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI gníomhaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh faoi chuimsiú an Tionscnaimh maidir le Tionsclaíocht na hEorpa a Dhigitiú, lena gcomhlánaítear agus lena neartaítear beartais na mBallstát agus IS MÓR AICI an comhar leis an gCoimisiún Eorpach sa réimse sin;

6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil speisialta Uimh. 19/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus na moltaí a ghabhann léi a chur san áireamh i mbeartais chun éifeachtúlacht na mbeart digiteála agus na ngníomhaíochtaí digiteála a mhéadú;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí, le faireachán agus tacar táscairí agus spriocanna atá sainithe go soiléir ag gabháil leis, plé a éascú amach anseo maidir le rath na mbeart a rinneadh chun an Tionscnaimh maidir le Tionsclaíocht na hEorpa a Dhigitiú agus MOLANN SÍ an faireachán sin, mar shampla, sa Chlár don Eoraip Dhigiteach, i gClár an Mhargaidh Aonair, i gclár InvestEU agus i gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.